



**Foras na Gaeilge**

**LEABHRÁN EOLAIS**

**Eagarthóir Foclóireachta**

**Tionscadal Foclóirí Gaeilge agus Gaeilge-Béarla Fhoras na  
Gaeilge**

**Tag: 0422/EAGTF**

 **foclóir.ie**

## EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

### An Tionscadal Foclóireachta

Tá Foras na Gaeilge ag tabhairt faoi thionscadal nua foclóireachta ina bhfuil i gceist go dtairgfí Foclóir Gaeilge agus Foclóir Nua Gaeilge-Béarla. Tréimhse cúig bliana atá i gceist leis an tionscadal seo. Tá sé beartaithe tús a chur le hobair scríofa agus eagarthóireachta i mí Mheán Fómhair 2022. Tá an tionscadal seo agus aon phost a ghabhann leis, an ceann atá luaite sa leabhrán eolais seo san áireamh, ag brath ar dheimhniú maoinithe.

### Foras na Gaeilge

Is iad Foras na Gaeilge (an ghníomhaireacht teanga) agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch (Bord Albainis Uladh) an dá chuid den Fhoras Teanga, an comhlacht teanga Thuaidh/Theas, ceann de na comhlachtaí forfheidhmithe a bunaíodh faoi théarmaí Chomhaontú Bhéal Feirste. Is iad seo a leanas na feidhmeanna reachtúla a sannadh d'Fhoras na Gaeilge:

- An Ghaeilge a chur chun cinn;
- Úsáid na Gaeilge labhartha agus scríofa a éascú agus a spreagadh, sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, sa Tuaisceart áit ar bith a bhfuil ráchairt uirthi;
- Comhairle a thabhairt don dá rialtas, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach;
- Tabhairt faoi thionscadail tacaíochta, agus deontais i gcabhair a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheastar gá a bheith leo;
- Tabhairt faoi thaighde, faoi fheachtas leis an Ghaeilge a chur chun cinn, agus tabhairt faoi chaidreamh poiblí agus chaidreamh leis na meáin chumarsáide;
- Téarmaíocht agus foclóirí a shaothrú;
- Tacaíocht a thabhairt don Ghaelscolaíocht agus do theagasc na Gaeilge.

Tá 16 bhall ar Bhord Foras na Gaeilge, 8 ón Deisceart agus 8 ón Tuaisceart agus, i gcuideachta Bhord Albainis Uladh, is é Bord an Fhorais Teanga Thuaidh/Theas é.

Tá Foras na Gaeilge freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT), agus go háirithe don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin agus don Aire Pobal. Tuigeann Foras na Gaeilge, mar chuid den Fhoras Teanga Thuaidh/Theas, go gcaithfidh a chuid cuspóirí agus straitéisí bheith ag cur le polasaí ginearálta an dá rialtas agus cinnteoidh sé, mar sin, go mbeidh cumarsáid éifeachtach ann leis an dá Roinn chuí, Rúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, an Roinn Airgeadais agus an Roinn Airgeadais agus Pearsanra. Chomh maith leis sin, cinnteoidh Foras na Gaeilge go bhfuil sé ag cur le ceanglais an Mheamraim Airgeadais agus le hiomlán na gceanglas reachtúil cuí eile sa dá dhlínse.

## Láthair

Oifig Fhoras na Gaeilge i mBaile Átha Cliath nó Gaoth Dobhair a bheidh mar phríomhláthair oibre dóibh siúd a cheapfar sna poist seo ach tá féidearthachtaí maidir le hobair chumaisc agus pléifear na socruithe cuí leis na daoine a cheapfar.

## Painéal

Tá i gceist suas le trí (3) cheapachán a dhéanamh (ar chonradh téarma seasta cúig bliana). Cuirfear painéal d'iarrthóirí cáilithe le chéile bunaithe ar an bpróiseas earcaíochta seo. Líonfar folúntais shealadacha don Tionscadal ag an ngrád seo, as seo go ceann dhá bhliain ach acmhainn a bheith ann chuige sin.

## Sochair

Baineann na Téarmaí agus na Coinníollacha seo a leanas le post mar Eagarthóir Foclóireachta le Foras na Gaeilge agus cuirfear iad sa Tairiscint Cheapacháin:

- Raon Tuarastail: Is é an raon tuarastail don phost seo €61,411-€74,776\*.  
*\*Caithfear an post a thairiscint ag bun an scála. D'fhéadfaí an ráta tuarastail a choigeartú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais.*
- Tréimhse an Chonartha: conradh ar théarma seasta cúig bliana a bheidh i gceist le gach ceapachán. Ní poist bhuana atá i gceist leis na ról seo.
- Uaireanta Oibre: uaireanta lánaimseartha atá ann agus caithfear bheith i láthair 42 uair (i seachtain cúig lá). Ceadáítear uair an chloig don lón.
- Beidh tréimhse phromhaidh i gceist leis an bpost seo.
- Saoire Bhliantúil: 27 lá (*pro rata*) agus laethanta saoire poiblí.
- Pá Breoiteachta: Suas le 3 mhí ar phá iomlán agus 3 mhí ar leathphá ach gan níos mó ná 6 mhí de phá breoiteachta i dtréimhse 4 bliana ar bith (*pro rata*).
- Pinsean: Mar a cheadóidh an CATT.
- Saoire mháithreachais / atharthachta: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am.
- Saoire uchtála: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am.
- Saoire thuismitheorachta: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am.
- Fógra faoi éirí as post: 5 seachtaine ar a laghad: 13 seachtaine ar a mhéad.
- Aois scoir: de réir na dteidlíochtaí a bheidh i bhfeidhm ag an am.
- Scor de thairbhe sláinte: Mar a cheadóidh an CATT.
- Cód iompraíochta: Mar atá faofa ag an CATT.

## Ginearálta

Tá na hEagarthóirí faoi cheangal ag:

1. **Na Cumhachtaí Reachtúla, na dualgais agus na hoibleagáidí** mar atá leagtha síos in I.R. Uimh.859 1999 Tuaisceart Éireann “North/South Co-Operation (Implementation Bodies) Northern Ireland) Order 1999” agus Airt.1 de “The British-Irish Agreement Act 1999.”
2. **An Meamram Airgeadais** a cheadaigh an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Airgeadais, rud a leagann amach na nósanna imeachta airgeadais agus na socruithe cuntasáíochta don Fhoras Teanga Thuaidh/Theas.

## An Próiseas Roghnóireachta

Caithfear gach iarratas a dhéanamh ar an bhfoirm a chuirfidh Foras na Gaeilge ar fáil. Ní ghlacfar le CVanna. Ba chóir d’iarrthóirí cóip Word (.docx) den fhoirm iarratais chomhlánaithe a sheoladh ar ríomhphost **roimh 12pm Dé Luain 23 Bealtaine 2022** chuig: [poist@forasnagaeilge.ie](mailto:poist@forasnagaeilge.ie)

Sa chéad chéim den phróiseas roghnóireachta déanfar an t-eolas ar an bhfoirm iarratais a mheas. Le go rachaidh iarrthóirí ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnóireachta, tabharfar breithiúnas orthu de réir an eolais a thug siad ar an bhfoirm iarratais agus dá réir sin amháin. I Roinn 2 agus Roinn 3 den fhoirm iarratais iarrtar eolas ábhartha faoi na hinniúlachtaí agus taithí atá ag iarrthóirí sna critéir atá riachtanach nó inmhianaithe; tá cur síos orthu sa cháipéis seo. Caithfidh iarrthóirí mionchuntas soiléir a thabhairt ar shamplaí den taithí seo a fuair siad san obair a rinne siad ar na mallaibh lena léiriú go bhfuil siad inniúil don phost.

I dtús báire, bainfear úsáid as na critéir riachtanacha agus inmhianaithe le gearrliosta a dhéanamh d’iarrthóirí a rachaidh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnóireachta.

Iad siúd a n-éireoidh leo sa chéad chéim den phróiseas roghnóireachta, iarrfar orthu dul faoi scrúdú. Tá i gceist go mbeadh an scrúdú sin ar siúl i mí an Mheithimh 2022.

Na hiarrthóirí sin a bhainfidh an marc cáilithe amach sa scrúdú, tabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh. Tá i gceist go mbeadh na hagallaimh ar siúl roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2022.

## **SONRAÍ AN PHOIST**

- Teideal an Phoist:** Eagarthóir ar Thionscadal Foclóirí Gaeilge agus Gaeilge-Béarla Fhoras na Gaeilge
- Freagrach do:** An tEagarthóir Foclóireachta agus an Bainisteoir Tionscadail
- Próifíl an Phoist:** Freagrach as iontrálacha agus ábhar foclóireachta a dhréachtú agus a chur in eagar, agus tascanna foclóireachta eile a chur i gcrích, de réir Threoir Stíle agus pholasaithe eagarthóireachta an tionscadail.

### **Príomhchúraimí**

#### **Cúraimí Oibríochtúla:**

- Iontrálacha san Fhoclóir Gaeilge agus san Fhoclóir Nua Gaeilge-Béarla a dhréachtú agus a chur in eagar.
- Na treoirlínte foclóireachta, eagarthóireachta agus stíle a leagtar amach sa Treoir Stíle, a chur i bhfeidhm.
- Sainmhíniúcháin san Fhoclóir Gaeilge a dhréachtú agus a chur in eagar.
- Aistriúcháin Bhéarla san Fhoclóir Gaeilge-Béarla a dhréachtú agus a chur in eagar.
- Ábhar foclóireachta eile a dhréachtú agus a chur in eagar.
- Measúnú agus rialú cáilíochta a dhéanamh ar obair baill eile d'fhoireann an tionscadail.
- Léamh profaí agus seiceálacha ríomhscagtha a dhéanamh ar ábhar foclóireachta.
- Gnéithe eagarthóireachta den tionscadal a bhainistiú ó lá go lá.
- Ceisteanna eagarthóireachta agus teanga a phlé agus a réiteach.
- Taighde a dhéanamh nó a chur á dhéanamh ar cheisteanna ábhartha teanga/teangeolaíochta de réir mar ba ghá.
- Obair baill foirne agus conraitheoirí seachtracha a mheasúnú agus a bhainistiú.
- Cuidiú le forbairt agus nuashonrú Chorpas Foclóireachta na Gaeilge i gcomhpháirtíocht le hinstiúidí ábhartha eile.
- Comhairle a chur ar aistritheoirí agus ar eagarthóirí de réir mar is gá.
- Tascanna eile foclóireachta.

#### **Cúraimí Straitéiseacha:**

- I gcomhar leis an Eagarthóir Foclóireachta, moltaí a dhéanamh i dtaca le forbairt agus nuashonrú Threoir Stíle agus Pholasaithe Eagarthóireachta an tionscadail
- Feidhmiú i bpáirt leis an Eagarthóir Foclóireachta agus leis an mBainisteoir Tionscadail maidir le cinntí i dtaobh an tionscadail a dhéanamh agus féachaint chuige go gcuirfí i bhfeidhm iad.

#### **Cúraimí Airgeadais:**

- A chinntiú i gcomhar leis an Eagarthóir Foclóireachta agus leis an mBainisteoir Tionscadail go bhfuil luach á fháil ar airgead a chaitear ar an tionscadal.

**Cúraimí Pearsanra:**

- Obair na foirne a bheidh ag tuairisciú dó/di, idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha, agus idir aistritheoirí agus eagarthóirí, a phleanáil, a stiúradh agus a bhreithniú.
- Tuairisciú ar obair agus ar spriocanna na foirne.

**Cúraimí Cumarsáide:**

- Freastal ar chruinnithe rialta eagarthóireachta.
- Cruinnithe rialta oibre a réachtáil leis na baill foirne a bheidh ag tuairisciú dó/di.
- Cruinnithe le páirtithe leasmhara agus le conraitheoirí a eagrú de réir mar is gá.
- Eolas faoi thionscadail oibre a sholáthar le haghaidh poiblíochta de réir mar is gá.

**Tugtar an méid seo thuas mar threoir ghinearálta ar chúraimí agus fhreagrachtaí. Ní cur síos iomlán ar na tascanna uile é.**

## **SONRAÍOCHT FAOIN bPEARSA**

Is iad seo a leanas na critéir is gá do na hiarrthóirí a chomhlíonadh:

### **Critéir Riachtanacha**

1. Ardliófacht agus ardchruinneas sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, idir scríofa agus labhartha;
2. Ardtuiscint ar ghramadach agus ar théarmaíocht na Gaeilge;
3. Saineolas ar cheann amháin nó níos mó de mhórchanúintí na Gaeilge;
4. Ardscileanna ríomhaireachta, ar a n-áirítearaineolas ar phacáistí Word agus Excel;
5. Taithí ghairmiúil eagarthóireachta, ar a n-áirítear measúnú agus eagarthóireacht a dhéanamh ar obair eagarthóirí, scríbhneoirí agus/nó aistritheoirí eile.

### **Critéir Inmhianaithe**

1. Taithí ghairmiúil i réimse na foclóireachta;
2. Taithí in úsáid an fheidhmchláir scríofa foclóra *Entry Editor*;
3. Cáilíocht tríú leibhéal nó a hiontamhail sa Ghaeilge;
4. Cainteoir dúchais Gaeilge (Gaeltachta nó Galltachta);
5. Taithí ar úsáid na gcorpas mar uirlisí taighde.

Tá sé de cheart ag Foras na Gaeilge an comórtas seo a chur ar ceal más mian leo, agus níl sé de dhualgas ar Fhoras na Gaeilge conradh a bhronnadh ar aon iarrthóir de thoradh an phróisis seo.

Tá an tionscadal seo agus aon phost a ghabhann leis, an ceann atá luaite sa cháipéis seo san áireamh, ag brath ar dheimhniú maoinithe.

Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise agus fáiltímid roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu, beag beann ar chreideamh, ar inscne, ar mhíchumas, ar chine, ar dhearcadh polaitíochta, ar aois, ar stádas pósta, ar chlaonadh gnéis nó cé acu atá cleithiúnaithe acu nó nach bhfuil. Is ar bhonn fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas.

*Proficiency in the Irish language, both written and oral, is an essential requirement for the above panel.*